



Ciorclán 0058/2020

**Boird Bhainistíochta agus Príomhoidí Iar-Bhunscoileanna**  
**Scéim Deontais um Theagasc Baile i ndáil le Neamhláithreachtaí**  
**a Bhaineann le Máithreachas**

## 1. Réamhrá

Sa chiorclán seo cuirtear eolas ar fáil maidir le Scéim Deontais um Theagasc Baile de chuid Neamhláithreachtaí a Bhaineann le Máithreachas, atá á feidhmiú ag Aonad Tuismitheoirí agus Foghlaimeoirí na Roinne. Ba chóir é a léamh go cúramach sula ndéantar an Fhoirm Iarratais a chomhlánú.

Sa Chiorclán tá eolas maidir leis na nithe seo a leanas:

- Aidhm na scéime agus na critéir cháilitheachta faoi théarmaí na scéime
- Nós imeachta an iarratais
- Na critéir le Cúnamh Deontais a sholáthar
- Eolas Ginearálta
- Cúinsí um Chosaint agus Chaomhnú Leanaí
- Nósanna Imeachta Íocaíochtaí
- Fiosruithe agus achomhairc

### Achoimre ar Phríomhphointí an Chiorcláin:

**I gCuid 2 leagtar amach aidhm na Scéime Deontais um Theagasc Baile agus na critéir cháilitheachta faoi théarmaí na scéime. San áireamh sna pointí tábhachtacha atá le cur san áireamh tá:**

- Aidhm na Scéime Deontais um Theagasc Baile de chuid Neamhláithreachtaí a Bhaineann le Máithreachas ná maoiniú a chur ar fáil i dtreo seirbhís oideachais chúiteach a sholáthar do chailíní nach bhfuil in ann freastal ar scoil mar go bhfuil siad torrach.
- Is é 90 uair an chloig teagaisc ar a mhéad a chuirtear ar fáil faoin scéim seo.
- Is le haghaidh idirghabhála teagaisc oideachais amháin atá an deontas um Theagasc Baile.

**I gCuid 3 leagtar amach nós imeachta an Iarratais.**

- Déanann an tuismitheoir nó an scoláire má tá sí 18 mbliana d'aois nó os a cionn, Cuid 1 den fhoirm a chomhlánú.
- Déanann Príomhoide na Scoile Cuid 2 den fhoirm a chomhlánú.
- Déanann an teagascóir/na teagascóirí atá beartaithe Cuid 3 den fhoirm a chomhlánú.

**I gCuid 4 leagtar amach na critéir maidir le cúnaimh deontais a sholáthar faoin scéim, lena n-áirítear riachtanais cáilíochta, cláraithe agus grinnfhiosrúcháin na soláthraithe teagaisc.**

- Is é is fearr é go mbeadh an teagascóir cáilithe san oideachas cuí e.g. iar-bhunoideachas do scoláire iar-bhunscoile. Ní mór go mbeadh na teagascóirí uile cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta ar feadh achar an teagaisc fhaofa, suas go dtí eisiúint na híocaíochta deiridh agus an eisiúint sin san áireamh. Ach, mura féidir le hiarratasóir múinteoir láncháilithe a aimsiú d'fhéadfadh an Roinn cead a thabhairt le duine a fhostú atá cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta a bhfuil céim (Leibhéal 7 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí ar a laghad) aige/aici sa réimse cuí.
- Ní mór don Chomhairle Mhúinteoireachta grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána a dhéanamh ar na teagascóirí uile ar a réiteach sábháilte TF ar líne, ar a dtugtar Digitary sula gcuirtear tús leis an teagasc a chur ar fáil.
- Ní mór do na teagascóirí uile Foirm chomhlánaithe um Thiomantas agus um Dhearbhú Reachtúil a chur isteach. Síníonn an t-iarratasóir agus an teagascóir an Fhoirm um Thiomantas.
- Níl cead ag tuismitheoirí/caomhnóirí dlíthiúla gníomhú mar theagascóirí dá leanaí faoin Scéim.

**I gCuid 5 cuirtear eolas ar fáil maidir le saincheistanna um chosaint leanaí agus cúinsí um chaomhnú.**

**I gCuid 6 cuirtear eolas ginearálta ar fáil faoin scéim.**

**Ba chóir d'iarratasóirí na nithe seo a leanas a thabhairt faoi deara:**

- Roinnfear an t-eolas a chuirtear ar fáil le Ranna/Gníomhaireachtaí Rialtais ar leith eile.
- Is é uaslíon na n-uaireanta ná 90 uair an chloig ar an iomlán, is cuma faoi líon na dteagascóirí.
- Bronntar an teagasc ón dáta a cheadaítear é ar feadh tréimhse sé mhí.

**I gCuid 7 cuirtear eolas ar fáil maidir le híocaíocht an deontais um Theagasc Baile.**

- Ba chóir a thabhairt faoi deara nach ndéanfar maoiniú um theagasc baile a shiardhátú i gcás ar bith.
- Gníomhaíonn an Roinn mar ghníomhaire párolla thar ceann an tuismitheora/chaomhnóra dhlíthiúil amháin.
- I gcásanna ina bhfuil leanbh faoi chúram TUSLA, déantar na híocaíochtaí i ndáil le teagasc baile le TUSLA.

**I gCuid 8 cuirtear sonraí teagmhála ar fáil le haghaidh fiosruithe agus achomharc maidir leis an scéim.**

## **Ráiteas Príobháideachais**

Déanann an Roinn Oideachais agus Scileanna, chomh fada agus atá sé indéanta agus ag cur san áireamh na hacmhainní atá ar fáil, soláthar d'oideachas agus oiliúint do dhaoine atá ina gcónaí sa Stát ag leibhéal atá oiriúnach chun freastal ar riachtanais agus ar chumais na ndaoine sin. Is é an **phríomhaidhm** ina mbíonn na sonraí pearsanta a chuireann tú ar fáil de dhíth ar an Roinn ná chun a fháil amach an bhfuil tú i dteideal na Scéime Deontais um Theagasc Baile. Is féidir go roinnfear na sonraí pearsanta a chuireann tú ar fáil le TUSLA (An Gníomhaireacht um Leanáí agus an Teaghlach), An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE), An Roinn Leanáí agus Gnóthaí Óige

(RLGÓ), na Coimisinéirí Ioncaim chun críocha na hincháilitheachta don Scéim Deontais Teagasc Baile a dheimhniú, le híocaíochtaí a phróiseáil, lena chinntiú nach mbíonn aon dúbláil maoinithe ann agus chun críche staitistiúla. Is féidir teacht ar an bhFógra Príobháideachais a thugann breac-chuntas ar thuilleadh eolais maidir leis an Scéim seo ar <https://www.education.ie/en/The-Department/Data-Protection/gdpr/parents-children/ath-2-06-2-07-10-6-privacy-notice-for-the-home-tuition-scheme.pdf>

Tá sonraí iomlána de bheartas um Chosaint Sonraí na Roinne ina leagtar amach conas a bhainfid úsáid as do shonraí pearsanta nó sonraí pearsanta do linbh, chomh maith le heolas maidir le do chearta mar ábhar sonraí, ar fáil ar <https://www.education.ie/ga/An-Roinn/Cosaint-Sonra%C3%AD/gdpr/gdpr.html>

## 2. Aidhm na scéime agus na critéir cháilitheachta faoin scéim seo

Aidhm na Scéime Deontais um Theagasc Baile a Bhaineann le Máithreachas ná maoiniú a chur ar fáil i dtreo seirbhís oideachais chúiteach a chur ar fáil do chailíní ag an leibhéal iar-bhunscoile, de bharr go bhfuil siad torrach, nach bhfuil in ann freastal ar scoil. Ní mór áit reatha ar scoil ag an leibhéal iar-bhunscoile a bheith ag gach iarratasóir.

Is é atá i gceist le Teagasc Baile a Bhaineann le Máithreachas ná soláthar eatramhach chun cuidiú le cailíní a gcuid oideachais iar-bhunscoile a chur i gcrích.

## 3. Nós Imeachta an Iarratais

Mura mbíonn scoláire baineann in ann freastal ar scoil ar feadh tréimhse roimh nó i ndiaidh bhreith a linbh, d'fhéadfadh an Roinn Oideachais agus Scileanna deontas a cheadú don tuismitheoir/chaomhnóir dlíthiúil nó don scoláire í féin má tá sí os cionn 18 mbliana d'aois, le teagascóir cáilithe oiriúnach a fhostú le teagasc baile a chur ar fáil. Féadfaidh an teagasc bheith ar siúl ar feadh tréimhse 6 mhí ón dáta a ceadáíodh é. **Is é uaslíon na n-uaireanta a bhronntar faoin scéim seo ná teagasc baile 90 uair an chloig thar thréimhse 6 mhí.** D'fhéadfadh an Roinn Oideachais agus Scileanna athbhreithniú a dhéanamh ar uaslíon teoranta na n-uaireanta ó am go ham.

Beidh ar iarratasóirí Foirm Iarratais a chomhlánú - Foirm **HT 11 MRA** agus iarrtar orthu aird ar leith a thabhairt don cháipéisíocht/eolas tacaíochta atá ag teastáil. Tá HT 11 MRA ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne ar [www.education.ie/en/Parents/Services/Home-Tuition/](http://www.education.ie/en/Parents/Services/Home-Tuition/). Ba chóir a thabhairt faoi deara nach bhfuil cead ar fáil ach amháin nuair a chuirtear próiseas iomlán an iarratais i gcrích ina n-eisítear ar deireadh litir fhaofa a dheimhniú an dáta is féidir tús a chur leis an teagasc.

#### 4. Na Critéir le Cúnamh Deontais a Sholáthar

Cuireann an Roinn Oideachais agus Scileanna deontas ar fáil i dtreo Teagasc Baile a sholáthar. Fostaíonn na tuismitheoirí/caomhnóirí dlíthiúla teagascóirí i socrú príobháideach, ach tá bronnadh an deontais faoi réir na gcritéar seo a leanas:-

##### **Cáilíochtaí na soláthraithe teagaisc**

Ós rud é go dtarlaíonn an teagasc lasmuigh de ghnáthstruchtúr na scoile tá sé tábhachtach go mbeidh teagascóirí cáilithe le clár oideachais oiriúnach a chur ar fáil. Dá réir sin, is é is fearr é go ndéanann tuismitheoir/caomhnóir dlíthiúil **teagascóir a earcú atá cáilithe le haghaidh na hearnála cuí e.g. iar-bhunoideachas do scoláire iar-bhunscoile. Is é coinníoll den scéim go mbíonn an teagascóir molta cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta ar feadh achar an teagaisc fhaofa, suas go dtí eisiúint na híocaíochta deiridh, agus an eisiúint sin san áireamh.**

Áit ar theip ar gach iarracht le seirbhísí múinteora a dhaingniú atá cáilithe le teagasc a dhéanamh san earnáil lena mbaineann, d'fhéadfadh an Roinn breathnú ar dhuine a fhostú atá cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta agus a bhfuil bunchéim (Leibhéal 7 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí ar a laghad) aige/aici.

Is riachtanas é den Scéim go gcaithfidh na teagascóirí scéala a chur chuig Comhairle Mhúinteoireachta na hÉireann le go mbeidh a gcuid sonraí ar fáil ar an gComhéadan Pámháistir trí shuíomh gréasáin na Comhairle Múinteoireachta, ionas gur féidir leis an Roinn seo a chinntiú go bhfuil clárú reatha ag na múinteoirí. Is féidir an áis a chumasú ar an gcuid 'Mo Chlárú' de shuíomh gréasáin na Comhairle Múinteoireachta [www.teachingcouncil.ie](http://www.teachingcouncil.ie).

Le bheith i dteideal an ráta cháilithe íocaíochta, ní mór do theagascóir a bheith cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta agus aitheanta ag an gComhairle Mhúinteoireachta san earnáil ina bhfuil an teagasc á chur ar fáil **e.g. cáilíocht teagaisc iar-bhunscoile do scoláirí in iar-bhunscoileanna**. Íocfar an ráta mionathraithe le teagascóirí atá cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta agus aitheanta ag an gComhairle Mhúinteoireachta ag leibhéal scoile nach bhfuil oiriúnach d'earnáil an scoláire. Íocfar an ráta mionathraithe le teagascóirí atá ar scor, atá cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta agus a fhaigheann íocaíocht pinsin de chuid na seirbhíse poiblí – Féach Aguisín 1 le haghaidh tuilleadh sonraí agus na rátaí pá reatha.

Gníomhaíonn an Roinn mar ghníomhaire párolla thar ceann an tuismitheora/chaomhnóra dhlíthiúil amháin. Déantar é seo chun comhlíonadh forálacha asbhaintí reachtúla a éascú lena n-áirítear forálacha cánachais agus forálacha gaolmhara. Má tá sé i gceist ag teagascóir níos mó ná 27 uair an chloig de Theagasc Baile a chur ar fáil in aon seachtain amháin, faoi aon cheann de Scéimeanna na Roinne Oideachais agus Scileanna, beidh gá le níos mó sonraí sceidealaithe sula ndéanfar an faomhadh a mheas.

### **Níl cead ag tuismitheoirí/chaomhnóirí dlíthiúla gníomhú mar theagascóirí dá leanaí faoin scéim.**

Ní féidir tús a chur leis an Teagasc Baile go dtí go bhfaigheann an t-iarratasóir an litir fhaofa a dheimhníonn an dáta ónar féidir tús a chur leis an teagasc agus gur fhaomh an Roinn go foirmiúil i scríbhinn cáilíochtaí agus céannacht an teagascóra/ na dteagascóirí aimnithe.

Múinteoirí atá fostaithe i scoil aitheanta agus atá ag baint leas as aon cheann de na scéimeanna seo a leanas – saoire mháithreachais, saoire bhreiteachta, pinsin míchumais, scéimeanna luathscoir, scéim post roinnte nó aon chead neamhláithreachta faofa, **níl siad incháilithe** le Teagasc Baile a chur ar fáil. Ba chóir do mhúinteoirí atá ar shos gairme nó atá ag roinnt poist breathnú ar Chiorclán 0054/2019

[https://www.education.ie/ga/Ciorcl%C3%A1in-agus-Foirmeacha/Ciorcl%C3%A1in-Gn%C3%ADomhacha/cl0054\\_2019\\_ir.pdf](https://www.education.ie/ga/Ciorcl%C3%A1in-agus-Foirmeacha/Ciorcl%C3%A1in-Gn%C3%ADomhacha/cl0054_2019_ir.pdf) maidir lena gcáilitheacht chun obair a dhéanamh mar theagascóir baile.

Moltar do thuismitheoirí/chaomhnóirí dlíthiúla teagascóir a aimsiú chomh luath agus is féidir ionas gur féidir leis an teagascóir iarratais ar chláir/ar Ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána a dhéanamh chuig Comhairle Mhúinteoireachta na hÉireann más gá. Níl aon ról ag an Roinn le teagascóirí a aimsiú ná a fhostú. Agus ní choinníonn sí liostaí de theagascóirí atá ar fáil leis an Teagasc Baile a dhéanamh. B'fhéidir go mbeadh sé mar chuidiú do thuismitheoirí/chaomhnóirí dlíthiúla teagmháil a dhéanamh le scoileanna áitiúla sa chéad dul síos, nó de rogha air sin, tá an Roinn ar an eolas go mbaineann cuid mhór tuismitheoirí/chaomhnóirí dlíthiúla úsáid as suíomhanna gréasáin de chuid sholáthraithe oideachais chun fógraíocht a dhéanamh le haghaidh teagascóirí nó go deimhin fógraí a chur i nuachtáin áitiúla nó ar chláir fógraí siopa/pobail.

### **Riachtanais Ghrinnfhiosrúcháin le haghaidh teagascóirí**

**Ní mór don Bhiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána a dhéanamh ar na teagascóirí uile sula dtosaíonn siad ag soláthar teagaisc.**

- Ní mór do thuismitheoirí/chaomhnóirí dlíthiúla iad féin a shásamh go bhfuil próiseas Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána curtha i gcrích ag a dteagascóir(í) roghnaithe trí phróiseas Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána ar líne de chuid na Comhairle Múinteoireachta.
- Ní mór grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána a dhéanamh ar gach teagascóir faoi na socrúithe grinnfhiosrúcháin atá i bhfeidhm ó cuireadh tús leis na hAchtanna um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta) 2012, a bhí ar an 29 Aibreán 2016.

- Ní mór do thuismitheoirí/chaomhnóirí dlíthiúla nochtadh Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána atá nua-eisithe a iarraidh sa chás ina bhfuil siad ag earcú an teagascóra den chéad uair.
- Sa chás gur earcaigh an thuismitheoir/caomhnóir dlíthiúil an teagascóir roimhe seo agus go ndearnadh grinnfhiosrú ar an teagascóir ón 29 Aibreán 2016, moltar do thuismitheoirí/chaomhnóirí dlíthiúla féachaint an bhfuil gá le nochtadh grinnfhiosrúcháin nua-eisithe. Féadfaidh na nithe seo a leanas bheith san áireamh agus an thuismitheoir/caomhnóir dlíthiúil ag déanamh cinneadh an bhfuil gá le nochtadh grinnfhiosrúcháin nua-eisithe:
  - An tréimhse ama ó fuarthas grinnfhiosrúchán roimhe seo;
  - Cé acu an bhfuil aon bhearnaí i stair fostaíochta/ghairme/oideachais an duine nár tugadh míniú sásúil orthu;
  - Cé acu ar cuireadh teistiméireachtaí cuimsitheacha ar fáil maidir le fostaíochtaí roimhe seo.

Ní liosta iomlán an liosta thuas de na cúinsí a d'fhéadfadh thuismitheoirí/chaomhnóirí dlíthiúla a chur san áireamh.

- Ba chóir do thuismitheoirí/chaomhnóirí dlíthiúla a thabhairt faoi deara gur féidir le gach múinteoir iarratas a chur isteach ar ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána trí shuíomh gréasáin Chomhairle Mhúinteoireachta na hÉireann. Tá an próiseas saor in aisce agus de ghnáth tógann sé 2-4 seachtaine.
- Is féidir le thuismitheoirí/chaomhnóirí dlíthiúla a dheimhniú go bhfuil grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána déanta ar theagascóirí. Is féidir leo torthaí agus dáta an ghrinnfhiosrúcháin sin a fheiceáil trí bhreathnú ar thoradh chuardach grinnfhiosrúcháin an teagascóra. Tugtar Nochtadh Grinnfhiosrúcháin air seo, ar féidir leis an teagascóir é a roinnt trí réiteach sábháilte TF na Comhairle Mhúinteoireachta ar líne, ar a dtugtar Digitaly.
- Ba chóir go dtuigfeadh thuismitheoirí/chaomhnóirí dlíthiúla nach soláthraíonn grinnfhiosrúchán imréiteach do theagascóirí chun oibriú le leanaí, ach go soláthraíonn sé díreach sonraí faoi aon taifead coiriúil agus/nó faisnéis shonraithe maidir leis an teagascóir lena mbaineann nó, i gcás nach bhfuil aon taifead coiriúil ná faisnéis shonraithe ann, cuireann sé é sin in iúl. Is faoin thuismitheoir/caomhnóir dlíthiúil atá i gceist an cinneadh deiridh a dhéanamh maidir le hoiriúnacht an duine, ó thaobh cosanta leanaí de, le hoibriú leis an scoláire. I dtaca leis sin, ba chóir do thuismitheoirí/chaomhnóirí dlíthiúla a thabhairt faoi deara nach bhfuil i gceist le toradh grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána ach gné amháin le breithniú agus an cinneadh sin á dhéanamh. Is gné rí-thábhachtach í seiceálacha chuimsitheacha a dhéanamh ar an duine maidir le dea-chleachtas cosanta leanaí agus tá an thuismitheoir/caomhnóir dlíthiúil freagrach astu sin. Ba chóir go n-áireofaí

orthu seo, ach níl siad teoranta dóibh seo, teistiméireachtaí a lorg agus a fhiosrú agus a chinntiú go dtugtar míniú sásúil ar aon bhearnaí gan mhíniú i dtaifid fostaíochta/curriculum vitae. Níor chóir do ghrinnfhiosrúchán teacht in áit na seiceálacha sin, ach ní mór é a úsáid mar chuid de.

- Tabhair faoi deara go gcaithfidh Foirm um Dhearbhú Reachtúil agus Foirm um Thiomantas (Aguisíní 1&2 den Fhoirm Iarratais faoi seach) a bheith le gach iarratas ar Theagasc Baile.
- Tá gach eolas do theagascóirí maidir leis an bpróiseas le cur isteach ar Ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána ar fáil ar: <https://www.teachingcouncil.ie/en/Vetting-Re-vetting>

## **5. Cúinsí um Chosaint agus um Chaomhnú Leanaí do thuismitheoirí/chaomhnóirí dlíthiúla.**

San Acht um Thús Áite do Leanaí 2015, ar chuir an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige tús feidhme leis ón Luan, an 11ú Nollaig 2017, cuireadh gnéithe den Tús Áite do Leanaí – Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí ar bhonn reachtúil.

Tús Áite do Leanaí – An Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí: Rinne an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige an Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí a nuashonrú chun achoimre a thabhairt ar na hoibleagáidí reachtúla nua a bhaineann le daoine sainordaithe ar nós múinteoirí cláraithe agus na hoibleagáidí reachtúla nua a bhaineann le heagraíochtaí (ar nós scoileanna) faoin Acht. Leagtar amach ann freisin oibleagáidí a bhaineann leis an gcleachtas is fearr (neamhreachtúil) a bhaineann le gach duine (múinteoirí sa áireamh) agus le gach earnáil den tsochaí. Feidhmíonn an tAcht um Thús Áite do Leanaí 2015 taobh le taobh le Tús Áite do Leanaí: An Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí 2017.

Tá eolas maidir le Cosaint Leanaí ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne ar <https://www.education.ie/en/Parents/Information/Child-Protection>

Tá thuismitheoirí/caomhnóirí dlíthiúla freagrach as bheith ar an eolas faoi aon bhaol nó aon chontúirtí a d'fhéadfadh a bheith ann agus teagascóirí á bhfostú i socrú príobháideach. Tá an thuismitheoir/caomhnóir dlíthiúil freagrach as a chinntiú go bhfuil gach cosaint chuí agus cosaint agus leas leanaí riachtanach i bhfeidhm maidir leis an socrú teagaisc. (Féach freisin Cuid 4 thuas maidir le riachtanais ghrinnfhiosrúcháin). Tá an thuismitheoir/caomhnóir dlíthiúil freagrach as tabhairt faoi na seiceálacha ábhartha uile maidir le hoiriúnacht teagascóra ionchasach oibriú lena leanbh agus as iad féin a shásamh maidir le hoiriúnacht an duine sin chun tabhairt faoi theagasc a linbh.

Ba chóir do thuismitheoirí/chaomhnóirí dlíthiúla iad féin a shásamh freisin go bhfuil teagascóirí ar an eolas faoi aon riachtanais leighis agus riachtanais iompair an linbh.

## 6. Eolas Ginearálta

- Beidh ar iarratasóirí Foirm Iarratais a chomhlánú agus iarrtar orthu aird ar leith a thabhairt don cháipéisíocht/fhaisnéis atá de dhíth. Ba chóir a thabhairt faoi deara nach mbeidh cead ar fáil ach amháin nuair a chuirtear próiseas iomlán an iarratais i gcrích ina n-eisítear ar deireadh litir fhaofa a dheimhníonn an dáta ónar féidir tús a chur leis an teagasc.
- Is le haghaidh idirghabhálacha teagaisc oideachais amháin atá an Deontas um Theagasc Baile. Coimeádann an Roinn an ceart meastóireacht a dhéanamh ar an soláthar teagaisc a chuirtear ar fáil agus déantar na huaireanta teagaisc uile a fhaomhadh faoi réir an choinníll sin.
- Mar thoradh ar an scéim seo is féidir leis an teagasc bheith ar siúl nuair a bhíonn sé de dhíth ar an scoláire. Is féidir leas a bhaint as an teagasc le linn seachtaine nuair atá an scoláire ag freastal ar scoil agus/nó le linn na seachtainí nach bhfuil an scoláire in ann freastal ar scoil. **Ní féidir leis an teagasc faoin scéim seo bheith ar siúl ag an deireadh seachtaine ná ag Laethanta Saoire Baine agus Laethanta Saoire Poiblí.** Is é uaslíon na n-uaireanta teagaisc atá ann ná 90 uair an chloig thar thréimhse 6 mhí ón dáta a cheadaítear é.
- Níl cead ag thuismitheoirí/chaomhnóirí dlíthiúla gníomhú mar theagascóirí dá gcuid leanaí.
- Má tá iarratas á dhéanamh ar níos mó ná teagascóir amháin, ba chóir do gach teagascóir cuid 3 faoi leith san fhoirm iarratais a chomhlánú. Ní mór don iarratasóir a lua go soiléir ar an bhfoirm iarratais líon iomlán na n-uaireanta a chuirfidh gach teagascóir i gcrích. Sa litir fhaofa deimhneofar líon iomlán na n-uaireanta do gach teagascóir.
- Ní mór do scoláirí atá ag tabhairt faoi staidéar ar ábhair do Scrúduithe an Teastais Shóisearaigh/na Sraithe Sóisearaí agus do Scrúduithe na hArdeistiméireachta riachtanais Choimisiún na Scrúduithe Stáit a léamh go cúramach maidir le hobair chúrsa phraiticiúil. Is féidir teacht ar na hábhair a bhfuil obair chúrsa phraiticiúil i gceist leo ar [www.examinations.ie](http://www.examinations.ie). Mura gcomhlíontar riachtanais Choimisiún na Scrúduithe Stáit, d'fhéadfadh sé nach mbeadh scoláire in ann na marcanna go léir atá ar fáil don ábhar a bhaint amach dá bharr.



## 7. Nósanna Imeacht Íocaíochta

- The Department acts as a payroll agent only on behalf of the parent/legal guardian. This is to facilitate compliance with statutory deduction provisions including taxation and associated provisions.
- Is trí shocrú príobháideach a fhostaíonn tuismitheoirí/caomhnóirí dlíthiúla teagascóirí chun Teagasc Baile a sholáthar. Tá na híocaíochtaí a dhéantar le teagascóirí ar son an iarratasóra faoi réir asbhaintí reachtúla ag an bhfoinse. Gníomhaíonn an Roinn mar ghníomhaire párolla thar ceann an tuismitheora/chaomhnóra dhlíthiúil amháin. Déantar é seo chun comhlíonadh forálacha asbhaintí reachtúla a éascú lena n-áirítear forálacha cánachais agus forálacha gaolmhara.
- Tá na Rátaí Deontais um Theagasc Baile ar fáil ar:  
<https://www.education.ie/ga/Tuismitheoir%C3%AD/Seirbh%C3%ADs%C3%AD/Teagasc-Baile/Iocaiocht.html>
- I gcásanna ina bhfuil leanbh faoi chúram TUSLA, déantar íocaíochtaí i ndáil le teagasc baile le Tusla.
- Ní féidir le tuismitheoirí/caomhnóirí dlíthiúla tús a chur le Teagasc Baile go dtí go bhfaigheann siad litir fhaofa an deontais ón Roinn ag deimhniú go gcomhlíonann siad téarmaí agus coinníollacha na scéime agus dáta tosaithe an chúnamh deontais.
- Cuirtear in iúl do thuismitheoirí/chaomhnóirí dlíthiúla nach ndéanfar an deontas um theagasc baile a shiardhátú le tréimhse teagasc baile a rinneadh sula bhfuarthas an litir fhaofa a dhíol.
- Caithfidh an tuismitheoir/caomhnóir dlíthiúil a rinne iarratas ar theagasc baile Foirm Éilimh Íocaíochta a chomhlánú. Ní mór don tuismitheoir/chaomhnóir dlíthiúil agus don teagascóir araon an fhoirm éilimh chomhlánaithe a shíniú ag deireadh gach míosa inar cuireadh teagasc ar fáil. Tá an fhoirm éilimh íocaíochta ar fáil ar  
<https://www.education.ie/ga/Tuismitheoir%C3%AD/Seirbh%C3%ADs%C3%AD/Teagasc-Baile/Iocaiocht.html>. Féadfar an síniú a sholáthraíonn tuismitheoir/caomhnóir dlíthiúil a úsáid lena fhíorú.
- Má dhéanfar dearbhú bréagach chun críocha aon acmhainní a éileamh ón Roinn is féidir go gcuirfidh an Roinn na cásanna sin ar aghaidh chuig an nGarda Síochána agus, más cuí, go dtí an gComhairle Mhúinteoireachta.
- Ba chóir do thuismitheoirí/chaomhnóirí dlíthiúla a chinntiú go dtuigeann siad go hiomlán coinníollacha na scéime agus go gcomhlíonann siad iad agus faoin gcaoi a n-eiseofar an deontas faoin Scéim seo sula gcuirtear aon teagasc ar fáil.

- Moltar do thuismitheoirí/chaomhnóirí dlíthiúla nár cheart dóibh, i gcás ar bith, íocaíochtaí a dhéanamh le teagascóirí le haghaidh teagaisc a chuireann siad ar fáil faoin Scéim seo.
- Ba chóir do thuismitheoirí/chaomhnóirí dlíthiúla agus do theagascóirí a thabhairt faoi deara freisin, faoin reachtaíocht reatha atá ann faoi láthair, go gcuirtear sonraí airgeadais i dtaca leis an scéim seo ar aghaidh go dtí na Coimisinéirí Ioncaim gach bliain, toisc go bhfuil íocaíochtaí as teagasc baile inríofa ó thaobh cánachais de.

### **Conas a íoctar an deontas**

Tá nóta eolais íocaíochta ar leith ina bhfuil mionsonraí ar fáil do thuismitheoirí/chaomhnóirí dlíthiúla agus do theagascóirí ar shuíomh gréasáin na Roinne ar

<https://www.education.ie/ga/Tuismitheoir%C3%AD/Seirbh%C3%ADs%C3%AD/Teagasc-Baile/Iocaiocht.html>

### **Saincheisteanna eile a bhaineann le híocaíocht Teagasc Baile:**

Ní mór uimhreacha PSP na ndaoine uile idir thuismitheoir(i)/chaomhnóir(i) dlíthiúil/dlíthiúla agus theagascóir(i) a sholáthar chun críche incháilitheachta don Scéim Deontais um Theagasc Baile a Bhaineann le Máithreachas a mheas. chun íocaíochtaí a phróiseáil agus lena chinntiú nach mbíonn aon dhúbláil íocaíochta ann. Is uimhir thagartha uathúil í Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (UPSP) a úsáidtear chun rochtain a fháil ar sheirbhísí poiblí nuair atáthar ag plé le Gníomhaireachtaí Seirbhíse Poiblí, na Coimisinéirí Ioncaim san áireamh.

## **8. Fiosruithe agus Achomhairc**

### **Is féidir fiosruithe agus achomhairc a bhaineann leis an Scéim Deontais um Theagasc Baile a Bhaineann le Máithreachas a chur ar aghaidh chuig:**

Aonad Tuismitheoirí agus Foghlaimoírí – An tAonad Teagasc Baile

An Roinn Oideachais & Scileanna

Corr na Madadh

Baile Átha Luain

Co. na hIarmhí

N37 X659

Uimh. Theagmhála: 090 648 4099

Seoladh R-phost: [hometuitionapprovals@education.gov.ie](mailto:hometuitionapprovals@education.gov.ie)

Is féidir achomhairc i ndáil le cinntí faoin Scéim Deontais um Theagasc Baile a Bhaineann le Máithreachas a chur isteach i scríbhinn chuig an seoladh thuas, luaigh an Uimh. Thagartha Teagasc Baile, agus tabhair breac-chuntas ar na cúiseanna leis an achomharc in éineacht le doiciméid nó tuarascálacha sa bhreis, de réir mar is cuí.

**Is féidir fiosruithe i ndáil le hÍocaíochtaí Teagasc Baile a chur chuig:**

Riachtanais Speisialta agus Deontais Teagaisc

An Roinn Oideachais & Scileanna

Corr na Madadh

Baile Átha Luain

Co. na hIarmhí

N37 X659

Uimh. Theagmhála: 090 648 3996

Seoladh R-phoist: [htpayments@education.gov.ie](mailto:htpayments@education.gov.ie)

Tá an Ciorclán seo, in éineacht leis an eolas uile iomchuí, ar fáil le híoslódáil ó shuíomh gréasáin na Roinne - [www.education.ie](http://www.education.ie) faoi Tuismitheoirí/Seirbhísí.

Teresa McNeill

Príomhoifigeach

Aonad Tuismitheoirí & Foghlaimoírí

Lúnasa 2020